# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2016

## LÉANN CLASAICEACH – ARDLEIBHÉAL

**(300 marc)**

Dé hAOINE, 17 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 go dtí 5.00

- Tá ceisteanna ar **DHEICH dTOPAIC** ar an scrúdpháipéar seo.

- Tá na topaicí roinnte ina dtrí ghrúpa mar seo a leanas:

  Grúpa I : Na Topaicí 1 go 4.
  Grúpa II : Na Topaicí 5 go 7.
  Grúpa III : Na Topaicí 8 go 10.

- Ní mór do na hiarrthóirí ceisteanna a fhreagairt ar **CHEITHRE THOPAIC**, mar seo a leanas:
  Is gá topaic amháin a roghnú as *gach* ceann de na trí ghrúpa agus is féidir an *ceathrú* topaic a roghnú as *ceann ar bith* de na trí ghrúpa.

- Ní mór do na hiarrthóirí **SÉ CHEIST** a fhreagairt mar a leanas as na **CEITHRE** thopaic a roghnaíonn siad:

  Ní mór do na hiarrthóirí **dhá** cheist a fhreagairt as dhá cheann de na topaicí a roghnaíonn siad agus ceist **amháin** as **gach** ceann den dá thopaic eile a roghnaíonn siad.

- Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist. Tá 300 marc san iomlán ag gabháil leis an bpáipéar.

- Na fótagraif atá ag teastáil chun na ceisteanna ar na Topaicí 8 agus 10 a fhreagairt, tá siad ar fáil ar pháipéar ar leith, marcáilte **X,** a ghabhann leis an bpáipéar seo.

**GRÚPA I: Na Topaicí 1 go 4**

**Topaic 1. An Aithin i mbun Cogaíochta.**

(i) In 430 R.Ch. bhuail plá mhór cathair na hAithne.

(a) Déan cur síos ar conas a chuir an phlá isteach ar mhuintir na hAithne. (35)

(b) Conas a chuaigh an phlá i gcion ar an gcaoi ar stiúir na hAithnigh an cogadh? (15)

(ii) (a) In 433 R.Ch. tháinig toscairí as Coircíora chuig an Aithin agus comhaontas á lorg acu in aghaidh na gCorantach. Cad iad na hargóintí a d'úsáid siad le háitiú ar na hAithnigh comhaontas a dhéanamh leo? (30)

(b) Cad iad na hargóintí a rinne na Corantaigh in aghaidh an chomhaontais? (10)

(c) Cén cinneadh deireanach a rinne na hAithnigh? (10)

(iii) (a) Tabhair cuntas ar Chath Mantinea in 418 R.Ch. (35)

(b) Cén chaoi ar athraigh bua na Spartach in Mantinea cúrsaí sa Pheilipinéis? (15)

(iv) Ón léamh atá déanta agat ar *Stair Chogadh na Peilipinéise,* an aontaíonn tú gur staraí mór le rá é Túicídidéas? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (50)

---

**Topaic 2. Alastar Mór.**

(i) Sula ndeachaigh Alastar soir, ba léir cheana féin go mbeadh gníomhréim shuntasach amach roimhe. Pléigh an dearcadh seo bunaithe ar an léamh atá déanta agat ar Airrianas agus ar Phlútarc. (50)

(ii) (a) Déan cur síos ar ord na n-eachtraí as ar tháinig bás Chléiteas. (30)

(b) Cén chomhairle a chuir Anaxarchus ar Alastar i ndiaidh na heachtra? (5)

(c) An bhfuil údar maith ag Plútarc agus Airrianas féachaint le leithscéal a dhéanamh d'Alastar as Cléiteas a mharú, dar leat?
Déan tagairt do na téacsanna mar thacaíocht le do fhreagra. (15)

(iii) "Má tá cáil tuillte ag Alastar mar ghinearál, is i ngeall ar a chumas mar léigearthóir é thar gach rud eile, agus as a léigir ar fad ba í an Tuír a shárshaothar." (Paul Cartledge)

Ón léamh atá déanta agat ar Airrianas, an aontaíonn tú leis an ráiteas sin?
Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (50)

(iv) I ndiaidh Chath Ghágaiméala, thosaigh Alastar ar pholasaí oirthearachais a ghlacadh chuige féin.

(a) Cad iad na bealaí inar éirigh Alastar níos oirthearaí ina stíl cheannaireachta? (20)

(b) Cad iad na bealaí inar chuir roinnt de na Macadónaigh in aghaidh an pholasaí sin?
Déan tagairt do na téacsanna mar thacaíocht le do fhreagra. (30)

---

**Topaic 3. An Saol agus Cúrsaí Smaointeoireachta i bPoblacht Dhéanach na Róimhe.**

(i) (a) Tabhair cuntas ar chomhcheilg Chaitilíne sa bhliain 63 R.Ch. (25)

(b) Cén tuairim a fuair tú de charachtar Chaitilíne ón léamh atá déanta agat ar na téacsanna dualgais? (25)

(ii) Mheas Cicearó gur chóir a bheith eaglach roimh Iúil Caesar "mar a bheadh eagla ar dhuine roimh dhromchla aoibhiúil na farraige," dar le Plútarc. An dóigh leat gur measúnú cruinn ar charachtar Chaesair é seo? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (50)

(iii) (a) Déan anailís ar na príomhchúiseanna leis an gcliseadh ar an gcaidreamh idir Marcas Antaine agus Cicearó i ndiaidh dhúnmharú Iúil Caesar. (30)

(b) Tabhair cuntas ar conas a fuair Cicearó bás. (20)

(iv) (a) Tabhair cuntas ar scéal an ghrá idir Catullus agus Lesbia ón léamh atá déanta agat ar na dánta dualgais leis an bhfile. (30)

(b) Pléigh an chaoi a gcaitheann Catallus le téama an chaillteanais ina chuid filíochta. (20)

---

**Topaic 4. Na Staraithe Rómhánacha.**

(i) I dtosach réimeas Thibir, bhris ceannaircí amach i measc na léigiún in Pannonia agus sa Ghearmáin.

(a) Cad iad na hábhair chasaoide agus na héilimh a bhí ag na trúpaí a chuaigh chun ceannairce? (30)

(b) Déan measúnú ar an gcaoi ar dhéileáil Drusus leis an gceannairc in Pannonia **nó** ar an gcaoi ar dhéileáil Gearmánacas leis an gceannairc sa Ghearmáin. (20)

(ii) (a) Pléigh ról Agrippina le linn réimeas Chláidias agus Néaró. (40)

(b) Cén fáth ar shocraigh Néaró go marófaí Agrippina? (10)

(iii) (a) Tabhair cuntas ar theacht chun buaice agus ar thurnamh Shéánas. (40)

(b) Cad a insíonn gníomhréim Shéánas dúinn faoi charachtar an impire Tibir? (10)

(iv) Bunaithe ar an staidéar atá déanta agat ar na téacsanna dualgais le Tacatas agus le Séatóinias, cé acu duine den bheirt staraithe, Tacatas nó Séatóinias, is fearr leat? Déan tagairt do na téacsanna mar thacaíocht le do fhreagra. (50)

---

**GRÚPA II: Na Topaicí 5 go 7**

**Topaic 5. An Drámaíocht Ghréagach.**

(i) Déan anailís ar chineálacha difriúla an ghrinn sa dráma *Froganna* le hArastafainéas. (50)

(ii) Ón staidéar atá déanta agat ar an dráma *Méidé* le hEoiripidéas, cad a d'fhoghlaim tú faoi thuairimí difriúla na mban agus na bhfear i leith an phósta ag an am sin?
Bíodh tagairt agat don téacs mar thacaíocht le do fhreagra. (50)

(iii) In *Proiméitéas Faoi Chuibhreach* le hAescaileas, cuireann Oceanus comhairle ar Phroiméitéas: "cuir aithne ort féin agus tarraing chugat bealaí nua a oireann don am."
An dóigh leat gur dea-chomhairle do Phroiméitéas é sin?
Bíodh tagairt agat don téacs mar thacaíocht le do fhreagra. (50)

(iv) Déan anailís ar an gcaidreamh idir Éideapús agus Créón sa traigéide *Éideapús Rí* le Sofaicléas. (50)

---

**Topaic 6. An Epic Ársa.**

(i) (a) Ón léamh atá déanta agat ar an *Odaisé* le Hóiméar, déan cur síos ar conas a fhaigheann Odaiséas an lámh in uachtar ar na Suirígh i gCath an Halla. (30)

(b) An dóigh leat gur thuill na Suirígh agus na banseirbhísigh mhídhílse a gcinniúint? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (20)

(ii) Is é an tréith is inmholta atá in Aeinéas ná a chiall mhór dá dhualgas.

(a) Pléigh an ráiteas seo agus tagairt agat don *Aeinéid* le Veirgil mar thacaíocht le do fhreagra. (40)

(b) An dóigh leat go bhfágann ciall mhór Aeinéas dá dhualgas gur carachtar níos suimiúla é nó gur carachtar é nach bhfuil chomh suimiúil? Mínigh do fhreagra. (10)

(iii) (a) Mínigh conas a áitíodh ar na Traígh an capall adhmaid a thabhairt laistigh de bhallaí na cathrach i Leabhar 2 den *Aeinéid* le Veirgil. (10)

(b) Tá cáil ar Veirgil as a thuairiscí cumhachtacha ar an bhfulaingt agus ar an mbrón.
Pléigh an tuairim seo agus bíodh tagairt agat do Leabhar 2 den *Aeinéid* le Veirgil. (40)

(iv) Conas atá an domhan a léirítear san *Odaisé* le Hóiméar i gcomparáid leis an domhan a léirítear san eipic Ghaelach, *An Táin,* dar leat?
Bíodh tagairt agat don dá théacs mar thacaíocht le do fhreagra. (50)

---

**Topaic 7. Scríbhneoirí na Tréimhse Ágastaí.**

(i) (a) Cad atá chomh tarraingteach sin faoi shaol na tuaithe i súile Veirgil, ón léamh atá déanta agat ar na dánta *Féilire Feirmeora* agus *Sonas na Tuaithe* le Veirgil? (40)

(b) An dóigh leat go dtugann sé tuairisc réadúil ar shaol na tuaithe? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (10)

(ii) (a) Tabhair cuntas ar *An Turas go Bruindísiam* le Horáit. (35)

(b) Samhlaigh go raibh tú ar an turas sin le Horáit. An dóigh leat go mbainfeá taitneamh as a chomhluadar? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (15)

(iii) (a) Ón léamh atá déanta agat ar *Réamhrá* Livias, cén tuairim atá aige ar an Róimh ina aimsir féin? (20)

(b) Ón léamh atá déanta agat ar *Cogaíocht Aicmeach* agus ar *Horatius ar an Droichead*, pléigh na cáilíochtaí sin den Róimh sa chianaimsir a bhfuil meas ag Livias orthu. (30)

(iv) "Is geall le cogadh an grá ag Proipeirtias, is geall le cluiche é ag Óivid."
An aontaíonn tú leis an ráiteas sin faoin mbeirt fhilí?
Bíodh tagairt agat i do fhreagra do na dánta dualgais le hÓivid agus le Proipeirtias. (50)

---

**GRÚPA III: Na Topaicí 8 go 10**

**Topaic 8. An Ealaín agus an Ailtireacht i Sochaí na Gréige.**

(i) Déan staidéar ar an vása a léirítear i bh**Fótagraf A** ar **Pháipéar X**.

(a) Ainmnigh an cineál vása a léirítear agus abair cén úsáid a baineadh as. (10)

(b) Ainmnigh péintéir an vása. (5)

(c) Déan cur síos ar an radharc atá ar an vása agus déan trácht ar a cháilíocht ealaíonta. (20)

(d) Tabhair breac-chuntas ar an teicníc a d'úsáidtí chun vásaí dubhfhíoracha a chruthú. (15)

(ii) Déan staidéar ar **Fhótagraf B** agus ar **Fhótagraf C** ar **Pháipéar X** agus freagair na ceisteanna seo a leanas.

(a) Ainmnigh an teampall sna fótagraif. (5)

(b) Cá bhfuil an teampall seo suite agus cén t-ord inar tógadh é? (10)

(c) Tabhair cuntas iomlán ar an teampall seo, agus úsáid na téarmaí cearta ailtireachta. (20)

(d) Cén tréimhse den ailtireacht Ghréagach lena mbaineann an teampall seo? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (15)

(iii) Déan staidéar ar **Fhótagraf D** agus ar **Fhótagraf E** ar **Pháipéar X** agus freagair na ceisteanna seo a leanas.

(a) Cad a thugtar ar fhíor fhireann den chineál seo? (5)

(b) Cén dá thréimhse lena mbaineann an dá fhíor seo? (10)

(c) Úsáid an dá dhealbh seo chun na forbairtí sa dealbhóireacht le linn an chéid bliain idir an dá thréimhse sin a mhíniú. (35)

(iv) Déan staidéar ar an dealbh a léirítear i bh**Fótagraf F** ar **Pháipéar X**.

(a) Ainmnigh an fhíor a léirítear sa dealbh agus abair cá háit a bhfuil sí suite. (10)

(b) Cén tréimhse den dealbhóireacht Ghréagach lena mbaineann an saothar seo? (5)

(c) Déan comparáid idir an dealbh seo agus na dealbha tipiciúla de mhná sa Ré Ársa. (35)

---

**Topaic 9. An Fealsamh sa tSochaí: Staidéar ar Shócraitéas agus ar Phlatón.**

(i) (a) Conas a áitíonn Sócraitéas, in *An Phoblacht* le Platón, gur féidir a Stát Idéalach a bhaint amach? (25)

(b) Conas is féidir lena Stát Idéalach an lámh in uachtar a fháil ar stát eile atá níos mó agus níos saibhre, dar le Sócraitéas? (25)

(ii) (a) Mínigh conas a chosnaíonn Platón a theacht ar ais go Sioracús den dara huair, in *Litir VII*. (40)

(b) Cad a insíonn a theacht ar ais go Sioracús duit faoi charachtar Phlatón? (10)

(iii) (a) Tabhair breac-chuntas ar an "miotas iontach" a dteastaíonn ó Shócraitéas go gcreidfeadh saoránaigh a Stáit Idéalaigh ann. (25)

(b) Cén fáth a measann Sócraitéas go bhfuil gá le miotas dá leithéid? (15)

(c) Cén ghluaiseacht idir na haicmí a cheadódh Sócraitéas? (10)

(iv) (a) Cén fáth ar bhain tábhacht leis an gcorpoideachas in oiliúint na nGardaí, dar le Sócraitéas? (20)

(b) Déan achoimre ar thuairimí Shócraitéas faoin gcoibhneas idir an taobh intleachtach agus an taobh fisiceach den oideachas. (20)

(c) An aontaíonn tú le smaointe Shócraitéas ar an gcorpoideachas? (10)

---



Topaic 10 → **Thall**

**Topaic 10. Ealaín agus Ailtireacht na Rómhánach.**

(i) Léiríonn **Fótagraf G** ar **Pháipéar X** plean de Lepcis Magna san Afraic Thuaidh.

(a) Ainmnigh na gnéithe a léirítear ag ***bb, c, g, f*** agus ***n***. (15)

(b) Úsáid an plean seo agus rianaigh forbairt Lepcis Magna ó aimsir Ágastas go dtí réimeas Septimius Severus. Bíodh mórghnéithe an bhaile san áireamh agat. (30)

(c) Cén fáth a raibh an scéim chun an cuan a atógáil ag ***o*** ar an bplean "marbh-bheirthe", dar le Wheeler? (5)

(ii) Léiríonn **Fótagraf H** agus **Fótagraf I** ar **Pháipéar X** dhá amfaitéatar cháiliúla Rómhánacha.

(a) Ainmnigh an dá amfaitéatar. (10)

(b) Cén fhianaise atá ann a léiríonn gur tógadh an t-amfaitéatar i bh**Fótagraf H** i bhfad sular tógadh an t-amfaitéatar i bh**Fótagraf I**? (15)

(c) Déan comparáid idir ailtireacht an dá amfaitéatar. Déan tagairt i do fhreagra don taobh amuigh agus don taobh istigh i gcás gach ceann díobh. (25)

(iii) Déan staidéar ar **Fhótagraf J** ar **Pháipéar X**.

(a) Cén séadchomhartha lena mbaineann an dealbhóireacht rilífe seo? (5)

(b) Cad atá á chomóradh leis an dealbh seo? (10)

(c) Cén fáth a meastar gurb é an séadchomhartha seo, "sárshaothar na healaíne stairiúla Rómhánaí"? (Wheeler) (35)

(iv) I bh**Fótagraf K** agus i bh**Fótagraf L** ar **Pháipéar X,** léirítear saothair mhúrealaíne as Teach Iúilia Felix i bPoimpé.

(a) Déan cur síos ar an dá phictiúr. (20)

(b) Is é tuairim Wheeler gur áirigh ealaíontóirí Rómhánacha an domhan mórthimpeall orthu mar réimse staidéir ann féin, fiú sna gnéithe fánacha de.
Pléigh an tuairim sin agus bíodh tagairt agat do na pictiúir seo. (15)

(c) Déan trácht achomair ar **aon** stíl eile den mhúrealaín a thaitin leis na Rómhánaigh. (15)